Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/3116

10.12.2024

**CINNEADH (CBES) 2024/3116 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 9 Nollaig 2024**

**maidir leis an gColáiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2020/1515**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 42(4) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1515 ([1]) lenar bunaíodh Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint ('ESDC').

(2) An 21 Márta 2022, d'fhormheas an Chomhairle an Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint ('an Compás Straitéiseach'), agus é mar chuspóir soláthraí slándála níos láidre agus níos cumasaí a dhéanamh den Aontas, lena n-áirítear trí chur chuige comhtháite an Aontais a chur chun feidhme go héifeachtach, chomh maith le misin shibhialtacha agus mhíleata CBSC an Aontais a threisiú trí shainorduithe níos láidre agus níos solúbtha a chur ar fáil dóibh, agus trí chinnteoireacht thapa agus níos solúbtha a chur chun cinn.

(3) An 22 Bealtaine 2023, d'aontaigh an Chomhairle le Comhshocrú Sibhialtach CBSC an Aontais, lena bhféachtar le héifeachtacht, tionchar, solúbthacht agus stóinseacht na misean sibhialtach a fheabhsú, chun dul i ngleic le dúshláin slándála atá ag teacht chun cinn agus a bheidh ann amach anseo;

(4) An 12 Nollaig 2023, d'fhormhuinigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála Treoir Straitéiseach Ghrúpa Oiliúna Sibhialta an Aontais Eorpaigh agus Ghrúpa Oiliúna Míleata an Aontais Eorpaigh maidir le hoiliúint CBSC, agus mhol an sé athbhreithniú a dhéanamh ar Chinneadh (CBES) 2020/1515 maidir le ESDC chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na Ballstáit chun beartas an Aontais maidir le hoiliúint CBSC a chur chun feidhme go héifeachtach agus go héifeachtúil.

(5) In 'Beartas an Aontais 2024 maidir le hoiliúint CBSC', ainmnítear ESDC mar an príomhorgán atá freagrach as an mbeartas a chur chun feidhme agus as gníomhaíochtaí oiliúna CBSC a chomhordú. Déantar an t-ainmniú sin gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát.

(6) Tá inniúlacht dhlíthiúil ag ESDC, ach go praiticiúil braitheann sé ar struchtúir agus saoráidí riaracháin na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) chun feidhmiú. Chun a chur ar chumas ESDC a mhisean a chur i gcrích, is gá forálacha áirithe a ghlacadh maidir le comhdhéanamh agus stádas fhoireann ESDC, chomh maith leis an tacaíocht riaracháin agus na saoráidí a chuireann SEGS ar fáil.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2020/1515 a athbhreithniú. Ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil, ba cheart an Cinneadh sin a aisghairm agus an Cinneadh seo a chur ina ionad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leanúnachas**

1. Leanfaidh an Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint (ESDC), arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2020/1515 de bheith ag feidhmiú i gcomhréir leis an gCinneadh seo, lena ndéantar Cinneadh (CBES) 2020/1515 a aisghairm agus a ionadú.

2. Leis an gCinneadh seo, ní dhéanfar difear do chearta, oibleagáidí, rialacha ná cinntí atá ann cheana arna nglacadh faoi Chinneadh (CBES) 2020/1515.

([1]) Cinneadh (CBES) 2020/1515 ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2020 lena mbunaítear Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2016/2382 (IO L 348, 20.10.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/1515/oj).

*Airteagal 2*

**Misean**

Cuirfidh ESDC oiliúint agus oideachas ar fáil i réimse Chomhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) an Aontais i gcomhthéacs níos leithne an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES), chun comhthuiscint ar CBES agus CBSC a fhorbairt agus a chur chun cinn i measc pearsanra sibhialtach agus míleata agus chun dea-chleachtais a shainaithint agus a scaipeadh i ndáil le saincheisteanna éagsúla CBES agus CBSC, trína ghníomhaíochtaí oiliúna agus oideachais.

*Airteagal 3*

**Cuspóirí**

1. Rannchuideoidh ESDC le feabhas a chur ar an comhchultúr Eorpach maidir le slándáil agus cosaint laistigh den Aontas agus leis na prionsabail a leagtar síos in Airteagal 21(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) a chur chun cinn.. Beidh na cuspóirí seo a leanas aige go háirithe:

(a) tacú le cur chun feidhme Bheartas an Aontais maidir le hoiliúint CBSC, agus comhsheasmhacht le gníomhaíochtaí eile an Aontais á háirithiú, i gcás inarb iomchuí, ag an am céanna, agus ag gníomhú dó i gcomhréir le Cur Chuige Comhtháite an Aontais i ndáil le Coinbhleachtaí agus Géarchéimeanna Seachtracha, leis an gCompás Straitéiseach agus le Comhshocrú Sibhialtach CBSC an Aontais;

(b) cáilíocht agus comhsheasmhacht oiliúint agus oideachas CBSC a áirithiú;

(c) riachtanais oiliúna na mBallstát, institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, agus CBSC a shainaithint, a thabhairt cothrom le dáta agus freagairt orthu, agus a áirithiú go mbeidh an t-eolas agus na scileanna is gá agus comhthuiscint ar phrionsabail feidhmiúcháin Mhisin agus Oibríochtaí CBSC ag an bhfoireann ábhartha, agus go mbeidh siad eolach ar bheartais, institiúidí agus nósanna imeachta an Aontais i réimse CBSC, agus go mbeidh siad in ann oibriú go héifeachtúil ar gach ábhar ábhartha CBSC ar gach leibhéal (polaitiúil, straitéiseach, oibríochtúil agus oirbheartaíochta);

(d) comhthiomsú agus comhroinnt oiliúna agus oideachais CBSC a chumasú trí líonra soláthraithe oiliúna sibhialta agus míleata sna Ballstáit;

(e) tacú le hionaid oiliúna náisiúnta agus idirnáisiúnta trí chomhairle a thabhairt maidir le caighdeáin idirnáisiúnta oideachais, dea-chleachtais agus an taighde is déanaí ar CBSC lena n-áirítear ar leibhéal PhD;

(f) socruithe mionsonraithe a fhorbairt maidir le caighdeánú agus deimhniú, lena n-áirítear sásraí dearbhaithe cáilíochta le haghaidh oiliúint CBSC chomhthiomsaithe agus chomhroinnte;

(g) tacú le comhpháirtíochtaí an Aontais i réimse CBSC, go háirithe comhpháirtíochtaí leis na tíortha atá rannpháirteach i misin agus oibríochtaí CBSC;

(h) tacú le tionscnaimh taidhleoireachta poiblí an Aontais trína ghníomhaíochtaí oiliúna i gcomharsanacht na hEorpa agus níos faide i gcéin;

(i) sineirgí agus comhlántacht a chothú idir gnéithe sibhialtacha agus míleata CBSC, lena n-áirítear trí oiliúint i réimsí éagsúla.

2. Sa bhreis ar na cuspóirí a leagtar amach i mír 1, cuirfidh ESDC aon chúram eile i gcrích i gcomhréir lena mhisean, atá le cinneadh ag an gCoiste Stiúrtha, ar bhonn bliantúil, agus SEGS agus rúnaíocht ESDC ag gníomhú i gcáil tacaíochta.

*Airteagal 4*

**Rialachas, cur chun feidhme agus tuairisciú**

1. Is é an Coiste Stiúrtha a bheidh mar chomhlacht cinnteoireachta ESDC.

2. Oibreoidh ESDC faoi fhreagracht fhoriomlán Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (an tArdionadaí).

3. Is í an Chomhairle atá freagrach as stiúradh foriomlán thosaíochtaí agus ghníomhaíochtaí ESDC. Cuirfidh ESDC an Chomhairle ar an eolas go tráthrialta faoina chuid gníomhaíochtaí. Cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid na Comhairle gach bliain maidir lena chuid gníomhaíochtaí don bhliain féilire roimhe sin.

*Airteagal 5*

**Inniúlacht dhlíthiúil**

1. Beidh an inniúlacht dhlíthiúil is gá ag ESDC chun a chúraimí a chomhlíonadh agus a chuspóirí a bhaint amach, agus go háirithe chun conarthaí agus socruithe riaracháin is gá a thabhairt i gcrích le haghaidh a fheidhmithe, chun maoin shochorraithe agus dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt, chun seirbhísí agus soláthairtí a fháil agus a dhliteanais a urscaoileadh, chun cuntais bhainc a shealbhú, agus chun bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an inniúlacht dhlíthiúil a thugtar do dhaoine dlítheanacha faoina ndlíthe ag ESDC. Aon dliteanas a d'fhéadfadh ESDC a thabhú cumhdófar é leis na cistí a chuirtear ar fáil dó de bhun an Chinnidh seo.

*Airteagal 6*

**Struchtúr ESDC**

Déanfar ESDC a struchtúrú mar a leanas:

(a) beidh an Coiste Stiúrtha mar chomhlacht cinnteoireachta ESDC, a bheidh freagrach as comhordú foriomlán oiliúint agus oideachas ESDC agus as iad a stiúradh. Áireofar ar a ról treoir a thabhairt maidir le hábhar agus tosaíochtaí chláir oiliúna ESDC, agus cinntí a dhéanamh maidir le cúraimí sonracha, i gcomhréir leis na tosaíochtaí straitéiseacha arna sainiú ag an gComhairle;

(b) an Bord Acadúil Feidhmiúcháin, a dhéanfaidh ionadaíocht ar an líonra dá bhforáiltear in Airteagal 7, a chuirfidh comhairle acadúil agus moltaí ar fáil don Choiste Stiúrtha agus a bheidh freagrach as cáilíocht agus comhsheasmhacht ghníomhaíochtaí oiliúna agus oideachais ESDC a áirithiú;

(c) Ceann ESDC, a bheidh ina cheann ar Rúnaíocht ESDC freisin, a thabharfaidh cúnamh don Choiste Stiúrtha agus don Bhord Acadúil Feidhmiúcháin a gcúraimí a chomhlíonadh, agus a bheidh i gceannas ar cháilíocht agus comhsheasmhacht fhoriomlán ghníomhaíochtaí oiliúna agus oideachais ESDC a áirithiú;

(d) Rúnaíocht ESDC, a bhfuil a ról leagtha amach in Airteagal 13.

*Airteagal 7*

**Líonra**

1. Eagrófar ESDC mar líonra lena dtabharfar le chéile soláthraithe gníomhaíochtaí ábhartha oiliúna agus oideachais, eadhon institiúidí sibhialta agus míleata, coláistí, acadaimh, ollscoileanna, institiúidí, ionaid barr feabhais agus gníomhaithe eile a bhíonn ag déileáil le saincheisteanna beartais slándála agus cosanta laistigh den Aontas, arna sainaithint ag na Ballstáit.

2. Bunóidh ESDC dlúthnaisc le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, go háirithe Institiúid an Aontais Eorpaigh um Staidéar Slándála agus comhoibreoidh sé leo.

3. Bainfidh ESDC leas as saineolas eagraíochtaí idirnáisiúnta, rialtasacha nó neamhrialtasacha agus gníomhaithe ábhartha eile, mar shampla institiúidí náisiúnta oiliúna agus oideachais tríú tíortha, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir le creat institiúideach an Aontais, a fhéadfaidh stádas 'comhpháirtithe comhlacha den líonra' a fháil, a gcomhaontóidh an Coiste Stiúrtha na socruithe mionsonraithe ina leith.

*Airteagal 8*

**An Coiste Stiúrtha**

1. Beidh an Coiste Stiúrtha comhdhéanta de chomhalta ionadaíoch amháin arna cheapadh ag gach Ballstát. Tiocfaidh sé le chéile ceithre huaire ar a laghad sa bhliain. Féadfaidh comhalta malartach ionadaíocht a dhéanamh d'aon comhalta den Choiste nó dul in éineacht le aon chomhalta. Glacfaidh ionadaí ó SEGS páirt i gcruinnithe an Choiste Stiúrtha ach ní bheidh ceart vótála acu.

2. Is ionadaí don Ardionadaí a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gCoiste Stiúrtha. Éascóidh an Cathaoirleach an plé maidir le treoir straitéiseach, áiritheoidh sé comhleanúnachas beartais, agus stiúrfaidh sé iarrachtaí cothaithe comhdhearcaidh i measc na gcomhaltaí, chun rannchuidiú ESDC le CBSC éifeachtúil agus éifeachtach a threisiú.

3. Déanfaidh an Coiste Stiúrtha na cinntí is gá maidir le comhlíonadh agus formhaoirseacht mhisean, chuspóirí agus fheidhmiú foriomlán ESDC. Déanfaidh an Coiste Stiúrtha an méid seo a leanas go háirithe:

(a) sineirge agus comhlántacht gníomhaíochtaí idir oiliúint shibhialtach agus mhíleata agus gníomhaíochtaí gaolmhara a áirithiú, agus caighdeáin agus deimhnithe náisiúnta á n-urramú ag an am céanna;

(b) clár oibre bliantúil ESDC, mar aon le tograí buiséadacha bliantúla agus aon leasuithe orthu, a fhormheas;

(c) na tuarascálacha bliantúla maidir le gníomhaíochtaí oiliúna agus oideachais ESDC agus na moltaí atá iontu a fhormheas;

(d) na gníomhaíochtaí oiliúna agus oideachais a bheidh le reáchtáil faoi ESDC a roghnú agus a chur in ord tosaíochta, agus aon chúraimí sonracha le haghaidh gníomhaíochtaí oiliúna agus oideachais a bheidh le déanamh ag ESDC i gcomhréir lena mhisean agus lena chuspóirí a fhormheas gach bliain, agus na ceanglais oiliúna agus na hacmhainní atá ar fáil á gcur san áireamh.

(e) na curaclaim le haghaidh ghníomhaíochtaí oiliúna agus oideachais uile ESDC a ghlacadh; agus,

(f) cinneadh a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí sonracha oiliúna agus oideachais ESDC a oscailt do rannpháirtíocht tríú tíortha, i gcomhréir le creat institiúideach an Aontais.

4. Cuirfidh an Coiste Stiúrtha treoraíocht fhoriomlán ar fáil d'obair an Bhoird Acadúil, an Chinn agus Rúnaíocht ESDC.

5. Déanfaidh an Coiste Stiúrtha an méid seo a leanas:

(a) cathaoirligh an Bhoird Acadúil Feidhmiúcháin agus a fhoirmíochtaí éagsúla a cheapadh;

(b) Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Acadúil Feidhmiúcháin a fhormheas;

(c) meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas ESDC dá dtagraítear in Airteagal 10(7) a fhormheas;

(d) aon ranníocaíochtaí deonacha airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 17 a fhormheas.

6. Féadfaidh Ceann ESDC, Rúnaíocht ESDC, Cathaoirleach an Bhoird Acadúil Feidhmiúcháin agus, nuair is iomchuí, Cathaoirligh fhoirmíochtaí éagsúla an Bhoird Acadúil Feidhmiúcháin, mar aon le hionadaithe ón gCoimisiún agus ó institiúidí eile de chuid an Aontais, ó SEGS, nó ó chomhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, a bheith rannpháirteach i gcruinnithe an Choiste Stiúrtha, ach ní bheidh ceart vótála acu.

7. Gníomhóidh an Coiste Stiúrtha trí thromlach cáilithe, mar a shainítear in Airteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Gníomhóidh sé trí thromlach simplí chun a rialacha nós imeachta agus cinntí eile nós imeachta a fhormheas.

8. I gcás ina bhfaigheann ESDC ranníocaíocht ilbhliantúil ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, formheasfaidh an Coiste Stiúrtha an togra maidir leis an mbuiséad bliantúil, ag gníomhú dó d'aon toil.

*Airteagal 9*

**An Bord Acadúil Feidhmiúcháin**

1. Beidh an Bord Acadúil Feidhmiúcháin (BAF) comhdhéanta d'ionadaithe sinsearacha ó institiúidí sibhialta agus míleata, agus gníomhaithe ábhartha eile arna sainaithint ag na Ballstáit,, arna gcinneadh ag an gCoiste Stiúrtha, rud a áiritheoidh go ndéanfar léiriú iomchuí ar an gcothromaíocht shibhialta-mhíleata ina chomhdhéanamh agus ina fhoirmíochtaí.

2. Tabharfar cuireadh d'ionadaithe SEGS agus an Choimisiúin freastal ar chruinnithe BAF.

3. Féadfar cuireadh a thabhairt do shaineolaithe acadúla agus d'oifigigh shinsearacha ó institiúidí an Aontais agus ó institiúidí na mBallstát freastal ar chruinnithe an BAF, mar bhreathnóirí. Nuair is iomchuí agus ar bhonn cás ar chás, féadfar cuireadh a thabhairt do shaineolaithe acadúla ar ionadaithe iad, agus d'oifigigh shinsearacha a dhéanann ionadaíocht ar orgáin lasmuigh den líonra iad chun páirt a ghlacadh i gcruinnithe BAF.

4. Is iad seo a leanas na cúraimí a bheidh ar BAF:

(a) tacú le clár oibre bliantúil ESDC a chur chun feidhme, tríd an líonra agus tríd an Rúnaíocht;

(b) tacú le comhordú ginearálta ar ghníomhaíochtaí oiliúna agus oideachais ESDC i measc na n-institiúidí rannpháirteacha uile;

(c) athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeáin na ngníomhaíochtaí oiliúna agus oideachais a rinneadh sa bhliain acadúil roimhe sin, agus cur le forbairt an dearbhaithe cáilíochta trí chaighdeánú agus deimhniú;

(d) a áirithiú go ndéantar meastóireacht chórasach ar gach gníomhaíochtaí oiliúna agus oideachais uile ESDC, go háirithe trí mheastóireacht agus tuairisciú ar na cúrsaí a chuíchóiriú; agus

(e) cur chuige saincheaptha atá bunaithe ar riachtanais a fhorbairt chun córas dearbhaithe cáilíochta nua a chur chun feidhme, ar cheart do Choiste Stiúrtha ESDC a raon feidhme a mheasúnú agus cinneadh a dhéanamh ina leith.

5. Chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh, féadfaidh BAF teacht le chéile i bhfoirmíochtaí tionscadal-dhírithe éagsúla, le tacaíocht ó Rúnaíocht ESDC de réir mar is iomchuí. Déanfaidh BAF téarmaí tagartha na bhfoirmíochtaí sin a tharraingt suas lena bhformheas ag an gCoiste Stiúrtha. Tuairisceoidh gach foirmíocht ar a gníomhaíochtaí do BAF uair amháin sa bhliain ar a laghad. Ar thogra ó BAF nó ó Rúnaíocht ESDC, féadfaidh an Coiste Stiúrtha a chinneadh sainordú cumraíochtaí sonracha a shíneadh nó deireadh a chur leis.

6. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Rialacha Nós Imeachta an Choiste Stiúrtha maidir le BAF agus le haon fhoirmíochtaí sonracha.

*Airteagal 10*

**Ceann ESDC**

1. Beidh Ceann ESDC freagrach as bainistiú riaracháin agus airgeadais ESDC agus is é a bheidh ina ionadaí dlíthiúil ar ESDC.

2. Faoi fhreagracht fhoriomlán an Ardionadaí, áiritheoidh Ceann ESDC oibriú ESDC agus timpeallacht oibre shábháilte chuimsitheach, agus seasfaidh an té sin le hardleibhéal saineolais, gairmiúlachta agus caighdeán eiticiúil i mbainistiú Rúnaíocht ESDC ag an am céanna, agus áiritheoidh Ceann ESDC éifeachtúlacht agus éifeachtacht i gcur i gcrích ghníomhaíochtaí ESDC.

3. Tuairisceoidh Ceann ESDC don Choiste Stiúrtha maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le misean, cuspóirí agus cúraimí ESDC a bhaint amach.

4. Tabharfaidh Ceann ESDC comhairle agus cúnamh don Choiste Stiúrtha agus don Bhord Acadúil Feidhmiúcháin maidir le heagrú agus bainistiú foriomlán ghníomhaíochtaí oiliúna agus oideachais ESDC.

5. Beidh Ceann ESDC i gceannas ar thuairisciú bliantúil ESDC, lena n-áirítear maidir leis an gcaiteachas airgeadais, ina mbeidh an staid mar atá maidir lena mhisean agus lena chuspóirí, agus beidh sé i gceannas freisin ar chur chun feidhme aon treorach straitéisí a d'fhéadfadh a bheith tugtha ag an gComhairle tar éis don Choiste Stiúrtha í a fhormhuiniú.

6. Cuirfidh Ceann ESDC plean oibre bliantúil faoi bhráid an Choiste Stiúrtha ar bhonn na dtograí arna dtíolacadh ag comhaltaí an líonra dá bhforáiltear in Airteagal 7, i ndlúthchomhar le SEGS agus, de réir mar is iomchuí, i ndáil leis an maoiniú, leis an gCoimisiún.

7. Cuirfidh Ceann ESDC meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas ESDC faoi bhráid an Choiste Stiúrtha, tráth nach déanaí ná an 15 Meitheamh gach bliain. Tar éis formheas a fháil ón gCoiste Stiúrtha, tarchuirfidh Ceann ESDC an meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas chuig an gCoimisiún.

*Airteagal 11*

**Ceann ESDC a roghnú**

1. Is daoine a bhfuil saineolas agus taithí aitheanta acu ar oiliúint agus ar oideachas, chomh maith le taithí bhainistíochta ábhartha ar leibhéal iomchuí, a bheidh ina n-iarrthóirí ar an bpost mar Cheann ESDC. Féadfaidh gach Ballstáit iarrthóir amháin a chur ar aghaidh don phost mar Cheann ESDC. Féadfaidh foireann institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, lena n-áirítear SEGS, iarratas a dhéanamh ar an bpost sin freisin.

2. Eagrófar an próiseas réamhroghnúcháin faoi fhreagracht an Ardionadaí. Is triúr ionadaithe ó SEGS a bheidh ar an bpainéal réamhroghnúcháin. Is é Cathaoirleach an Choiste Stiúrtha a bheidh ina chathaoirleach air. Ar bhonn thorthaí an réamhroghnúcháin, déanfaidh an tArdionadaí moladh a thíolacadh chuig an gCoiste sin agus gearrliosta ar a mbeidh triúr iarrthóirí ar a laghad, arna tharraingt suas in ord rogha an phainéil réamhroghnúcháin. Cuirfidh na hiarrthóirí a bhfís do ESDC i láthair an Choiste Stiúrtha, agus iarrfar ar an gCoiste Stiúrtha ina dhiaidh sin na hiarrthóirí a rangú i scríbhinn, le ballóid rúnda. Ceapfaidh an tArdionadaí an t-iarrthóir a gheobhaidh an líon is mó vótaí arna gcaitheamh, go ceann tréimhse nach faide ná 3 bliana. Má fhaigheann na hiarrthóirí ar an rangú is airde an líon céanna vótaí, caithfear vótaí idir na hiarrthóirí sin, de réir mar is gá, go dtí go bhfaighidh iarrthóir amháin an líon is mó vótaí.

3. D'ainneoin chuntasacht pholaitiúil an Chinn don Choiste Stiúrtha faoi Airteagal 10(3) den Chinneadh seo, comhlíonfaidh Ceann ESDC a chuid nó a cuid dualgas mar chomhalta d'fhoireann SEGS faoi údarás an Ardionadaí mar Údarás Ceapacháin nó Údarás atá Údaraithe chun conarthaí fostaíochta faoi seach a thabhairt i gcrích (dá ngairtear 'Údarás Ceapacháin' anseo feasta).

4. Agus 6 mhí roimh dheireadh na tréimhse dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, déanfaidh an Coiste Stiúrtha meastóireacht ar fheidhmíocht an Chinn ar a chúraimí nó a cúraimí, lena n-áirítear i ndáil le misean agus cuspóirí ESDC a bhaint amach, i ndáil leis an bhfís do ESDC a chuirtear i láthair le linn an phróisis roghnúcháin a leagtar amach i mír 2 agus na torthaí a bhaintear amach, agus ar bhonn aon ghnéithe arna dtabhairt chun cinn ag SEGS ina ról maidir le tacú leis an Ardionadaí, a bhaineann le feidhmíocht fhoriomlán na bainistíochta. Molfaidh an Coiste Stiúrtha don Ardionadaí síneadh a chur le sainordú Cheann ESDC, nó cinnfidh sé nós imeachta roghnúcháin a sheoladh do Cheann nua ESDC. I gcás fadú, ní rachaidh tréimhse iomlán shainordú Cheann ESDC thar chúig bliana.

5. Féadfaidh an tArdionadaí a chinneadh tráth ar bith, le toiliú ón gCoiste Stiúrtha, sannadh an Chinn a fhoirceannadh, faoi Airteagal 47(b)(ii) agus (iii) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile nó faoi Airteagal 9 d'Iarscríbhinn IX de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile (Rialacháin Foirne), tar éis, sa chás deireanach sin, imscrúdú riaracháin a sheol Údarás Ceapacháin SEGS faoi Airteagal 86 de na Rialacháin Foirne.

*Airteagal 12*

**Leas-Cheann ESDC**

1. Ar choinníoll go mbeidh acmhainní oiriúnacha ar fáil, tabharfaidh Leas-Cheann ESDC cúnamh do Cheann ESDC i bhfeidhmiú na bhfreagrachtaí uile atá ar an gCeann, mar a leagtar amach sa Chinneadh seo.

2. Má thagann an Coiste Stiúrtha ar chomhaontú maidir le duine a cheapadh don fheidhm sin, beidh Leas-Cheann ESDC ina bhall foirne de chuid SEGS nó ina bhall foirne d'institiúid, de chomhlacht, d'oifig nó de ghníomhaireacht eile de chuid an Aontais a bheidh ar iasacht chuig SEGS, agus cuirfear faoi údarás an Ardionadaí é.

3. Eagróidh Ceann ESDC an próiseas roghnúcháin i gcomhairle leis an Ardionadaí agus leis an gCoiste Stiúrtha. Comhlíonfaidh iarrthóirí na critéir a leagtar amach in Airteagal 11(1). Déanfaidh an Coiste Stiúrtha an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi a fhormhuiniú agus ceapfaidh an tArdionadaí é nó í ar feadh tréimhse bliana ar a laghad agus ar feadh tréimhse 3 bliana ar a mhéad, tréimhse ar féidir síneadh 2 bhliain bhreise a chur léi.

*Airteagal 13*

**Rúnaíocht ESDC**

1. Cuideoidh Rúnaíocht ESDC le Ceann ESDC cúraimí an Chinn a chomhlíonadh, agus tabharfaidh sí tacaíocht don Choiste Stiúrtha agus don Bhord Acadúil Feidhmiúcháin, lena n-áirítear cumraíochtaí éagsúla an Choiste.

2. Déanfaidh an Rúnaíocht an méid seo a leanas:

(a) tacú leis an gCoiste Stiúrtha ina chuid oibre go léir agus cabhrú leis an mBord Acadúil Feidhmiúcháin cáilíocht agus comhsheasmhacht fhoriomlán ghníomhaíochtaí oiliúna agus oideachais ESDC a áirithiú;

(b) tacaíocht a thairiscint dá líonra chun comhchultúr Eorpach maidir le slándáil agus cosaint a fheabhsú tuilleadh, agus cúnamh a thabhairt do chomhaltaí an líonra chun gníomhaíochtaí oiliúna agus oideachais ESDC a chomhordú agus a eagrú;

(c) a chur ar a gcumas do sholáthraithe oiliúna na mBallstát oiliúint iomchuí a chomhthiomsú agus a chomhroinnt;

(d) comhairle a thabhairt maidir le hoiliúint a reáchtáil, lena n-áirítear tacú le dearbhú cáilíochta a fhorbairt agus é sin a mholadh, trí shásraí caighdeánaithe agus deimhniúcháin;

(e) rochtain ar chainteoirí oiriúnacha a éascú.

*Airteagal 14*

**Tacaíocht ó SEGS**

1. Íocfaidh SEGS na costais a eascróidh as fostú an Chinn agus as fostú baill foirne chúnta amháin, mar aon leis na costais a bhaineann leis an gCeann agus an Rúnaíocht a óstáil ag a háitreabh, lena n-áirítear costais teicneolaíochta faisnéise.

2. Cuirfidh SEGS an tacaíocht riaracháin is gá ar fáil do ESDC chun a fhoireann a earcú agus a bhainistiú. Chun na críche sin, cuirfidh SEGS foireann de bhaill foirne reachtúla de chuid ESDC ar bun mar eintiteas riaracháin arna bhainistiú ag Ceann ESDC, ina cháil mar chomhalta d'fhoireann SEGS. Déanfaidh SEGS, arna iarraidh sin do Cheann ESDC agus faoi na Rialacháin Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, gníomhairí ar conradh a chuirtear chuig foireann de bhaill foirne reachtúla ESDC a earcú agus a fhostú.

3. Tabharfaidh ESDC cúiteamh do SEGS as tacaíocht riaracháin a chur ar fáil. I gcomhaontú ar leibhéal seirbhíse idir SEGS agus ESDC arna fhormheas ag an gCoiste Stiúrtha, leagfar amach na socruithe mionsonraithe maidir leis an gcúiteamh sin, nach rachaidh thar 6 % san iomlán den mhéid tagartha airgeadais, dá bhforáiltear in Airteagal 16(1).

*Airteagal 15*

**Foireann ESDC**

1. Beidh na daoine seo a leanas ar fhoireann ESDC:

(a) saineolaithe náisiúnta a chuireann na Ballstáit ar iasacht chuig Rúnaíocht ESDC;

(b) baill foirne riaracháin a earcaíonn SEGS, chun a gcúraimí a chomhlíonadh i bhfoireann de bhaill foirne reachtúla ESDC agus a íoctar ó bhuiséad ESDC;

(c) baill foirne ó SEGS nó baill foirne atá ar iasacht chuig SEGS ó institiúidí eile de chuid an Aontais agus a chuirtear chuig foireann de bhaill foirne reachtúla ESDC.

2. Féadfaidh ESDC oiliúnaithe a ghlacadh mar aon le saineolaithe agus comhaltaí ar cuairt.

3. Cinnfidh an Coiste Stiúrtha líon na bpost a leithdháilfear chun tacú le ESDC i bhfianaise na riachtanas doiciméadaithe agus na n-acmhainní airgeadais a bheidh ar fáil mar aon leis an dréacht-togra don bhuiséad bliantúil.

4. Beidh an Cinneadh ón Ardionadaí lena mbunaítear na rialacha is infheidhme maidir le saineolaithe náisiúnta a bheidh ar iasacht ag SEGS infheidhme *mutatis mutandis* maidir le saineolaithe náisiúnta a thugann na Ballstáit ar iasacht do ESDC agus a thagann faoi údarás Cheann ESDC. Baill foirne a earcófar mar bhaill foirne SEGS a chuirtear chuig foireann de bhaill foirne reachtúla ESDC, leanfaidh siad de na cearta uile dá bhforáiltear sna Rialacháin Foirne agus sna rialacha cur chun feidhme arna nglacadh ag SEGS a bheith acu agus leanfaidh siad a bheith faoi réir na n-oibleagáidí uile dá bhforáiltear sna rialacháin agus sna rialacha sin. Gníomhóidh an tArdionadaí mar Údarás Ceapacháin le haghaidh na foirne sin.

5. I gcás inar mian le ball foirne ESDC a chuirtear chuig poist neamhbhainistíochta cúnamh a lorg i ndáil le gníomhartha nó iompar ball foirne neamhbhainistíochta eile, féadfaidh an ball foirne sin iarraidh a thaisceadh le Ceann ESDC nó le Leas-Cheann ESDC. Féadfaidh Ceann ESDC nó Leas-Cheann ESDC tacaíocht riaracháin a lorg ó SEGS chun na hiarrataí sin a láimhseáil, de bhun Airteagal 14(2) agus féadfaidh an té sin comhoibriú leis an údarás de chuid SEGS atá inniúil maidir leis an bhfoireann a chuirtear chuig foireann de bhaill foirne reachtúla ESDC. Sa chás sin, tabharfar de chumhacht do Cheann ESDC nó do Leas-Cheann ESDC aon bheart is gá a ghlacadh maidir leis na saineolaithe náisiúnta ar iasacht ach féadfaidh údarás ábhartha SEGS aon bheart is gá a ghlacadh maidir leis an bhfoireann a chuirtear chuig foireann de bhaill foirne reachtúla ESDC, faoi na rialacha is infheidhme laistigh de SEGS.

6. I gcás inar mian le baill foirne neamhbhainistíochta cúnamh a lorg i ndáil le gníomhartha nó iompar na foirne bainistíochta, féadfaidh siad iarraidh a thaisceadh leis an Ard-Stiúrthóir um Bainistiú Acmhainní in SEGS, dá dtarmligtear an chumhacht is gá chun iarrataí mar sin a láimhseáil; sa chás sin, tuairisceoidh an tArd-Stiúrthóir um Bainistiú Acmhainní don Ardionadaí, a ghníomhaíonn mar Údarás Ceapacháin, agus molfaidh sé nó sí aon bheart a mheasann sé nó sí a bheith iomchuí agus i gcomhréir leis an staid. Cuirfear an Coiste Stiúrtha ar an eolas dá réir sin.

7. I ngach cás, láimhseálfar iarrataí ar chúnamh de réir na hamlíne dá bhforáiltear in Airteagal 90(1) de na Rialacháin Foirne, arna léirmhíniú ag an gCúirt Bhreithiúnais iad.

*Airteagal 16*

**Socruithe airgeadais**

1. Is é EUR 2 933 303,62 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá beartaithe chun caiteachas ESDC a chumhdach le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025. Is í an Chomhairle a chinnfidh an méid nó na méideanna tagartha airgeadais a bheartófar chun cur chun feidhme chaiteachas ESDC a chumhdach maidir le tréimhsí ina dhiaidh sin.

2. Déanfar an caiteachas ar fad a mhaoineofar leis na méideanna tagartha a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar bhainistiú cuí an chaiteachais arna mhaoiniú leis an méid tagartha dá dtagraítear i mír 1. Chun na críche sin, tabharfaidh sé comhaontú deontais i gcrích le ESDC.

*Airteagal 17*

**Ranníocaíochtaí airgeadais deonacha**

1. Féadfaidh ESDC, i gcás ina gcomhaontóidh an Coiste Stiúrtha, ranníocaíochtaí deonacha ó na Ballstáit, ó institiúidí nó ó dheontóirí eile a fháil agus a bhainistiú. Déanfaidh ESDC foinse na ranníocaíochtaí deonacha sin a aithint.

2. Is é ESDC a dhéanfaidh na socruithe teicniúla agus airgeadais maidir leis na ranníocaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 a chaibidil agus a chomhaontú. Áireofar sna socruithe sin forálacha maidir leis na rialacha is infheidhme lena rialaítear bainistiú cuí an chaiteachais a mhaoinítear leis na ranníocaíochtaí deonacha sin.

*Airteagal 18*

**Ranníocaíochtaí comhchineáil le gníomhaíochtaí oiliúna agus oideachais**

Féadfaidh ESDC ranníocaíochtaí comhchineáil a fháil. Seasfaidh gach Ballstát is rannchuiditheoir, institiúid, comhlacht, oifig agus gníomhaireacht de chuid an Aontais, agus SEGS, na costais ar fad a bhaineann lena rannpháirtíocht in ESDC, lena n-áirítear tuarastail, liúntais, speansais taistil agus chothaithe agus costais a bhaineann le tacaíocht eagraíochtúil agus riaracháin a thabhairt do ghníomhaíochtaí oiliúna agus oideachais ESDC. Íocfaidh gach rannpháirtí i ngníomhaíochtaí oiliúna agus oideachais ESDC na costais go léir a bhaineann lena rannpháirtíocht.

*Airteagal 19*

**Tionscadail a chur chun feidhme**

1. Féadfaidh ESDC iarratas a dhéanamh ar pháirt a ghlacadh i dtionscadail taighde agus i dtionscadail eile i réimse CBES. Beidh ESDC rannpháirteach mar chomhordaitheoir tionscadail nó mar chomhalta de thionscadal. Féadfaidh an Ceann, nó a ionadaí nó a hionadaí, a bheith ina chomhalta nó ina comhalta de 'bhord comhairleach' na dtionscadal sin, nó féadfaidh sé nó sí an cúram sin a tharmligean chuig duine de chathaoirligh fhoirmíochtaí an Bhoird Acadúil nó chuig comhalta den Rúnaíocht.

2. Cuirfear ranníocaíochtaí ó na tionscadail sin san áireamh ar leithligh ón ranníocaíocht faoi na socruithe airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 16 agus ó na ranníocaíochtaí airgeadais deonacha dá dtagraítear in Airteagal 17, agus úsáidfear iad i gcomhréir le cuspóirí ESDC.

*Airteagal 20*

**Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí oiliúna agus oideachais ESDC**

1. Beidh gach gníomhaíocht oiliúna agus oideachais ESDC oscailte do rannpháirtíocht náisiúnaigh na mBallstát.

2. Féadfar gníomhaíochtaí oiliúna agus oideachais ESDC a chur ar fáil freisin do rannpháirtíocht náisiúnaigh tíortha ar iarrthóirí ar aontachas leis an Aontas iad agus, de réir mar is iomchuí, náisiúnaigh tríú Stáit eile, agus baill nó foireann eagraíochtaí idirnáisiúnta ar bhealach cómhalartach, chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha ábhartha, go háirithe na gníomhaíochtaí oiliúna agus oideachais dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(h).

*Airteagal 21*

**Rialacháin slándála**

Beidh feidhm maidir le ESDC ag an gCinneadh ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 19 Meitheamh 2023 maidir leis na Rialacha Slándála don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí.

*Airteagal 22*

**Rochtain ar dhoiciméid**

Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2] maidir le ESDC.

*Airteagal 23*

**Faisnéis rúnaicmithe an Aontais a chosaint**

Beidh feidhm ag Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle [3] maidir le ESDC.

*Airteagal 24*

**Athbhreithniú**

Tráth nach déanaí ná an 10 Nollaig 2029, cuirfidh an tArdionadaí, agus tuairimí an Choiste Stiúrtha á gcur san áireamh aige, tuarascáil faoi bhráid na Comhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo, lena ngabhfaidh, mar is iomchuí, tograí maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gCinneadh.

*Airteagal 25*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

*Airteagal 26*

**Foilsiú**

Foilseofar an Cinneadh seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Nollaig 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

NAGY I.

---

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

[3] Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1).